Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14261/25**

**INST 314**
**POLGEN 166**
**AG 162**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 870 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Clár Oibre 2026 an Choimisiúin<br>Tráth Neamhspleáchais na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 870 final.

Faoi iamh: COM(2025) 870 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 21.10.2025
COM(2025) 870 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Clár Oibre 2026 an Choimisiúin**

**Tráth Neamhspleáchais na hEorpa**

## 1. Réamhrá

Ó tháinig an Coimisiún seo i réim, tá an Eoraip ag dul i ngleic le domhan atá i staid níos suaite ná mar a bhí riamh. Tá ár slándáil agus ár ndaonlathas faoi bhagairt agus tá rioscaí ann dár ngeilleagar agus dár n-earnáil tionsclaíochta, ina measc sin na hionraí místuama aerspáis agus na hiarrachtaí ar iallach eacnamaíoch atá feicthe againn le tamall de mhíonna anuas, mar aon le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Tá na dúshláin sin tagtha chun cinn tráth a bhfuil an t-ord idirnáisiúnta — a bhfuil slándáil agus rathúnas na hEorpa ag brath air le fada an lá — ag titim as a chéile go tapa.

I bhfianaise an chomhthéacs sin, **is gá Tráth Neamhspleáchais na hEorpa a bheith buailte linn**. Ní mór don Eoraip an fód a sheasamh chun a todhchaí féin a dhaingniú agus a mhúnlú. Chun a saoránaigh a chosaint ar thionchair an athraithe aeráide agus chun ár dtionchar ar éiceachórais a laghdú. Chun bheith in ann aire a thabhairt dá cosaint agus dá slándáil féin. Chun smacht a ghlacadh ar na teicneolaíochtaí agus ar na foinsí fuinneamh lena spreagfar ár ngeilleagar. Chun cinneadh a dhéanamh faoin gcineál sochaí agus daonlathais inar mian linn maireachtáil. Chun poist ardcháilíochta a chruthú i ngeilleagar nua-aimseartha agus ár samhail shóisialta a neartú faoi chúinsí atá ag síorathrú. Chun todhchaí ár n-earnála tionsclaíochta Eorpaí a fhorbairt agus tacú le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus gnólachtaí beaga a bheith rathúil inár Margadh Aonair. Chun ár gcaighdeáin shóisialta, dhigiteacha agus chomhshaoil a choinneáil ar bun. Chun a áirithiú go bhfaighidh feirmeoirí praghas cothrom as bia ardcháilíochta a tháirgeadh agus chun iad a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála. Chun a bheith oscailte don domhan agus comhpháirtíochtaí a roghnú le comhghuaillithe — idir shean agus nua. Tar éis an tsaoil, is éard atá i gceist an tsaoirse agus an chumhacht a bheith againn chun ár gcinniúint féin a chinneadh.

Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór don Eoraip seasamh le chéile. Ní mór di leas a bhaint as a neart comhchoiteann agus dul i muinín na mbuanna atá i bpáirt againn. Ní mór di gníomhú faoi luas agus le meon práinne chun freagairt do riachtanais dhiana ar leith an lae inniu. Tá gá aici le misneach agus uaillmhian chun tabhairt faoi scála na ndúshlán. Ní mór di díriú ar na nithe is mó atá tábhachtach do mhuintir na hEorpa — ina measc an costas maireachtála, dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach, agus an comhshaol a chosaint — agus ar ár ndlíthe a shimpliú a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a n-oibríonn siad ar mhaithe le daoine, pobail agus cuideachtaí. Ní mór di díriú ar ár gceannasacht a áirithiú, bíodh sé sin i gcúrsaí digiteacha, sa gheilleagar nó sa tslándáil.

Is iad sin na treoirphrionsabail atá taobh thiar de chlár oibre seo an Choimisiúin. Baintear leas ann as Treoirlínte Polaitiúla agus Litreacha Misin Uachtarán von der Leyen, agus as na smaointe a leagtar amach in aitheasc 2025 ar Staid an Aontais Eorpaigh. Tá sé bunaithe freisin ar chomhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit. Áirithítear leis go leanfaimid de dhíriú ar na spriocanna uile a chomhaontaíomar i dteannta a chéile agus go bhfreagróimid do na tosaíochtaí nua is práinní. Den mheon sin, tá an Coimisiún réidh chun oibriú le hinstitiúidí agus páirtithe leasmhara uile an Aontais chun ár dtosaíochtaí a bhaint amach.

## 2. Clár le haghaidh Eoraip aontaithe neamhspleách[1]

Is éard atá i gclár oibre seo an Choimisiúin cur i láthair i bhfabhar na haontachta, clár maidir le cur i gcrích agus plean don mhuintearas agus d'Eoraip neamhspleách. Tá sé struchtúrtha de réir na bpríomhcheannlínte a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla ar vótáil Parlaimint na hEorpa orthu i mí Iúil 2024, a tugadh cothrom le dáta chun freastal ar réaltachtaí nua an lae inniu.

*An rathúnas agus an t-iomaíochas inbhuanaithe*

Ba mhór-roinn tionsclaíochta, fiontraíochta agus nuálaíochta í an Eoraip riamh anall — mór-roinn a rinne í féin a athrú ó bhonn go leanúnach mar gheall ar réabhlóidí tionsclaíocha agus teicneolaíochta, iomaíocht dhomhanda, agus sochaithe a bhí de shíor ag athrú. Is é ár ngeilleagar sóisialta margaidh is cúis leis an mbua sin go príomha, agus is iomaí buntáiste atá ag an Eoraip dá bharr i gcomparáid lena cuid iomaitheoirí. Mar sin féin, tá an iomarca baic struchtúracha ar ár n-iomaíochas fós nach mór dúinn leanúint d'aghaidh a thabhairt orthu go práinneach sa bhliain atá le teacht, chun dlús a chur le cur chun feidhme iomlán Thuarascáil Draghi. Den mheon sin, déanfaimid moltaí breise chun **tacú lenár n-earnálacha tionsclaíochta**, agus cuirfimid leis an obair a rinneadh tríd an Idirphlé Straitéiseach a tionóladh leis an earnáil tionsclaíochta sa chéad bhliain den sainordú. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don **earnáil mótarfheithiclí** chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimpi. Déanfaimid tograí freisin chun **gluaisteáin bheaga inacmhainne** a chur chun cinn agus chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil le haghaidh **monarú ceallraí**. Ina theannta sin, oibreoimid ar **léasú sóisialta** chun go mbeadh feithiclí leictreacha níos inacmhainne do chách.

Díreoimid freisin ar **acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a scaoileadh faoi 2028** — trí dheireadh a chur le baic ar chaipiteal, ar fhuinneamh, ar sheirbhísí agus ar theileachumarsáid, agus tríd **'an gcúigiú saoirse'** a chumasú ar mhaithe le heolas agus nuálaíocht tríd an Limistéar Eorpach Taighde. Déanfaimid níos éasca ar na cuideachtaí ar fad é gnó a dhéanamh agus maoiniú a fháil san Eoraip, go háirithe cuideachtaí nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna. Bunóimid **Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht** agus cuirfimid an **28ú córas** ar bun le haghaidh na gcuideachtaí ar fad a oibríonn sa Mhargadh Aonair trí chéile, agus ina theannta sin, cuirfimid a bhfuil fágtha de na tograí i láthair chun an t**Aontas Coigiltis agus Infheistíochta** a thabhairt i gcrích. Áireofar leis sin **cearta scairshealbhóirí a neartú** agus anailís chuimsitheach ar an iomaíocht inár n-earnáil baincéireachta. Thairis sin, leis an n**Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** agus an **Gníomh Candamach**, neartóimid ár gceannasacht dhigiteach. Leis an n**Gníomh um Ardábhair**, tacóimid freisin le ceannaireacht theicneolaíoch ár n-earnála tionsclaíochta agus le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa.

[1] An suíomh ina bhfuil togra sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gclár seo, ní athraíonn sé na freagrachtaí a leagtar amach sna litreacha misin a sheol an tUachtarán von der Leyen chuig gach Comhalta den Choláiste

Ina theannta sin, tabharfaimid chun críche ár d**treoirlínte athbhreithnithe maidir le cumaisc a mheasúnú** sa chaoi go mbeidh treoraíocht shoiléir dhearfach, agus í cothrom le dáta, ag cuideachtaí faoin tráth a mheastar go gcuirfear borradh faoin nuálaíocht, faoin athléimneacht nó faoin infheistíocht mar thoradh ar oibríochtaí, agus san am céanna, fanfaimid dílis do chroíchuspóirí ár rialacha cumaisc chun na margaí agus tomhaltóirí na hEorpa a chosaint.

Chun a áirithiú go mbeidh soláthairtí leordhóthanacha tráthúla d'Amhábhair Chriticiúla ar fáil dár n-earnálacha tionsclaíochta, amhail an earnáil teicneolaíochta glaine, an earnáil dhigiteach, an earnáil mótarfheithiclí agus an earnáil spáis agus cosanta, molfaimid **Lárionad Amhábhar Criticiúil** a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na mianraí sin, ar mianraí iad atá fíor-riachtanach dár gceannasacht thionsclaíoch, agus chun iad a cheannach go comhpháirteach agus a stoc-charnadh.

Is príomhthosaíocht fós é praghsanna fuinnimh a laghdú do theaghlaigh agus do chuideachtaí chun borradh a chur faoinár n-iomaíochas agus faoinár neamhspleáchas, agus chun spleáchais a laghdú. Áiritheoimid go mbeidh **Aontas Fuinnimh** fíor ann trí fheabhas a chur ar a rialachas, eangacha a uasghrádú, scrogaill atá ann cheana a bhaint, rómhaorlathas a laghdú ar mhaithe le tionscadail fuinnimh trasteorann agus borradh a chur faoin leictriú agus faoi athléimneacht an chórais leictreachais. Beidh sé sin ina chuid dár n-obair chun an Eoraip a choinneáil ar an mbóthar ceart lena spriocanna aeráide a bhaint amach, agus chun **creat cumasúcháin** a chur chun cinn le haghaidh na 10 mbliana atá romhainn amach, lena ndaingneofar iomaíochas agus inbhuanaitheacht na hEorpa. Den mheon sin, féachfaimid freisin le tuilleadh feabhais a chur ar chur i bhfeidhm bonneagair le haghaidh luchtú leictreach, agus ar an soláthar breoslaí malartacha inbhuanaithe le haghaidh soithí agus aerárthaí. Ina theannta sin, cuirfimid straitéis i láthair maidir leis na chéad ghléasraí cumhachta comhleá san Eoraip a bhunú, rud a rannchuideoidh lenár neamhspleáchas fuinnimh.

Is san Eoraip is gá todhchaí na teicneolaíochta glaine a thionscnamh. Sin an fáth nach mór dúinn dlús a chur leis an obair chun **margaí tosaigh Eorpacha** a chumasú. Is réimse é sin ina bhfuil gá soiléir le dlús a chur leis an móiminteam anois — go háirithe i ndáil le margaí tosaigh príobháideacha le haghaidh ábhair ghlana agus táirgí inbhuanaithe. Cuirfimid **Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach** i láthair chun éileamh agus soláthar táirgí ciorclacha a chothú agus chun na neamhspleáchais ar acmhainní criticiúla a laghdú, agus leanfaimid de dhlús a chur leis an gcur chun feidhme agus an infheistíocht faoin g**Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**. Cuirfimid tograí i láthair maidir le **soláthar poiblí** chun tacú leis an obair sin agus chun a áirithiú go ndreasófar infheistíocht san Eoraip agus ina cuspóirí ar bhonn níos leithne. Féachfaimid freisin ar bhealaí chun tacú lenár n-eitlíocht agus ár n-earnálacha aerloingseoireachta chun a n-iomaíochas agus a gceannaireacht dhomhanda a choinneáil de réir mar a ullmhaíonn siad don chlaochlú.

Leanfaimid dár n-idirphlé le páirtithe leasmhara turasóireachta agus ullmhóimid **Straitéis turasóireachta inbhuanaithe** chun cothromaíocht a bhaint amach maidir le tionchair

eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil agus chun iomaíochas agus athléimneacht na hearnála a neartú.

*Ré nua do chosaint agus do shlándáil na hEorpa*

I bhfianaise timpeallacht bhagartha atá ag méadú agus ag teacht chun cinn de shíor, **ní mór cosaint na hEorpa a fhorbairt san Eoraip**. Sin an fáth a mbeidh an tslándáil ina bunchloch d'obair uile an Choimisiúin sa bhliain atá romhainn.

Chun tógáil ar chreat Ullmhachta 2030, neartóimid tionscal cosanta an Aontais agus acmhainneacht an Aontais freagairt do bhagairtí. Le hionstraim SAFE, tacófar le soláthar comhpháirteach, cuirfear borradh faoin táirgeadh agus cuideofar le bearnaí cumais a dhúnadh — lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí pháirt a thabhairt d'earnáil cosanta na hÚcráine agus trína comhtháthú sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach. Comhlánófar í trí na **rialacha maidir leis an gcosaint agus soláthar slándála íogaire a shimpliú** chun comhar agus nuálaíocht a éascú agus chun tacú a thuilleadh le bonn tionsclaíoch ár gcosanta Eorpaí. Chun cur leis an Treochlár maidir le hUllmhacht Cosanta, oibreoimid ar thionscadail shuaitheanta a bhaineann le hullmhacht Eorpach, obair a thosófar leis an **Tionscnamh maidir le Cosaint ar Dhróin**, tionscnamh atá fíor-riachtanach maidir leis an bh**Faireachán ar Chliathán Thoir na hEorpa**, agus áiritheofar leis an g**Clár um Buntáiste Cáilitheach Míleata** go mbeidh rochtain láithreach ag an Úcráin ar shreabhadh seasta trealaimh mhíleata ardcháilíochta.

Trí aistriú uile-chórais i dtreo an imirce a bhainistiú agus ár dteorainneacha seachtracha a dhaingniú, aistriú a bheidh cuimsitheach agus lúfair, cuirfear ar ár gcumas dúinn freagairt do na dúshláin atá ag teacht chun cinn a thagann as an imirce neamhdhleathach. An bhliain seo chugainn, beimid dírithe ar an g**Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** a chur i ngníomh. Leis an gComhshocrú, beidh córas i bhfeidhm ag an Aontas lena gcoiscfear mí-úsáid agus lena laghdófar an brú ar chórais náisiúnta. Baintear cothromaíocht amach leis idir freagracht láidir agus dlúthpháirtíocht fhónta, rud a áirithíonn cur chuige cothrom agus daingean.

Is gnó cruálach coiriúil í smuigleáil imirceach. Molfaimid **smachtbhannaí a bheidh dírithe ar smuigléirí agus ar gháinneálaithe** chun a gcuid sócmhainní a reo, srian a chur lena saoirse gluaiseachta agus a mbrabúis a chosc. Ós rud é go bhfuil sainordú láidir agus buanchór daingnithe aige, beidh **Frontex**, an **Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta**, in ann a láithreacht a leathnú agus a thacaíocht oibríochtúil a neartú. Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag Frontex maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit leis an gcóras um fhilleadh. Le digitiú **an chórais um fhilleadh**, leanfar den obair chun an córas comhchoiteann Eorpach um fhilleadh a nuachóiriú.

Le **córas cumarsáide criticiúla Eorpach** nua, nascfar seirbhísí póilíneachta, dóiteáin agus éigeandála thar theorainneacha, rud a fheabhsóidh an comhordú le linn géarchéimeanna. Molfaimid freisin **Europol** a neartú. Ina theannta sin, daingneoimid an creat dlíthiúil maidir le coireacht eagraithe a chomhrac agus glacfaimid bearta chun **leanaí a chosaint ar**

**choireacht** ar bhealach níos fearr, ar líne agus as líne araon. Cuirfimid bearta nua i láthair freisin chun **gáinneáil ar dhaoine** a chomhrac.

Trí **thallann idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil**, rannchuideofar le fás eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais, neartófar ár ngnólachtaí nuathionscanta agus tabharfar aghaidh ar ghanntanais lucht saothair. Le tionscnaimh a rinneadh le déanaí amhail 'Roghnaigh an Eoraip' agus an straitéis um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, mar aon le gníomhaíochtaí atá ar na bacáin amhail an straitéis víosaí, déanfaimid an Eoraip níos tarraingtí do ghairmithe tréitheacha agus d'fhiontraithe nuálacha, agus laghdóimid baic riaracháin san am céanna.

*Tacú le daoine agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú*

Baineann iomaíochas agus slándáil na hEorpa, thar aon ní eile, le daoine, lena bpoist, lena dteaghlaigh agus lena slite beatha. Is bunchloch den tionscadal Eorpach fós í ár samhail margaidh shóisialta uathúil, ar comharthaí sóirt di ardchaighdeáin maidir le dálaí oibre, mar aon le cosaint shóisialta láidir agus dea-cháilíocht saoil. Mar sin féin, tá a dúshlán á thabhairt níos mó agus níos mó ag claochluithe déimeagrafacha, teicneolaíocha agus eacnamaíocha. Chun an comhtháthú sóisialta agus an chothroime idirghlúine a chaomhnú, ní mór don Aontas a bheith nuálach maidir le beartais a chur chun feidhme lena neartófar an chosaint shóisialta, lena gcothófar fás inbhuanaithe agus lena spreagfar an t-iomaíochas.

Dá bhrí sin, má táimid chun geilleagar iomaíoch a bheith againn, tá sé fíor-riachtanach oibrithe a chumhachtú. Sin an fáth a molfaimid **Gníomh um Poist Ardcháilíochta** chun a áirithiú go gcoinneoidh an fhostaíocht nua-aimseartha suas leis an ngeilleagar nua-aimseartha. Ina theannta sin, mar thoradh ar an b**Pacáiste um shoghluaisteacht chothrom an lucht saothair**, lena n-áirítear an tionscnamh um shoghluaisteacht scileanna, beidh inaistritheacht mhéadaithe ag gabháil le cáilíochtaí agus áiritheofar go mbeidh oibrithe in ann deiseanna nua a thapú cibé áit a mbeidh siad san Aontas. Is é is aidhm don **Phacáiste oideachais** na scileanna agus an t-eolas a thabhairt do na glúnta amach anseo a mbeidh gá acu leo chun go mbeidís rathúil i sochaí iomaíoch nua-aimseartha.

Tá sé ríthábhachtach go ngníomhódh an Eoraip freisin chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhíonn roimh theaghlaigh na hEorpa gach lá. Den mheon sin, cuirfimid sraith beart i láthair lena dtabharfar aghaidh ar an ngéarchéim atá roimh mhuintir na hEorpa maidir le hinacmhainneacht agus costas maireachtála, amhail **tionscnamh nua chun dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le cóiríocht ar chíos gearrthéarmach**, agus leis an b**Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne**, spreagfar tacaíocht phoiblí agus dreasófar infheistíocht phríobháideach chun borradh a chur faoi thithíocht inacmhainne inbhuanaithe. Tabharfaimid an Státchabhair cothrom le dáta chun é a chur ar a gcumas do Bhallstáit an Aontais tacú le tithíocht inacmhainne ar bhealach níos tapa níos simplí, agus leis an **Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta**, an chéad straitéis den chineál sin a bhí ann riamh, tabharfar aghaidh ar chúiseanna struchtúracha an eisiaimh agus neartófar na seirbhísí tacaíochta. Tacófar leis an straitéis le **Ráthaíocht do Leanaí**, ráthaíocht neartaithe lena n-áireofar infheistíochtaí agus athchóirithe chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí.

Ní mór dúinn a áirithiú freisin nach bhfágfar aon réigiún nó pobal ar lár. Trí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais, beartas atá fíor-riachtanach le haghaidh iomaíochas, fás agus athléimneacht ár réigiún, cuirfimid roinnt straitéisí críochacha chun tosaigh, a bheidh dírithe ar na **réigiúin is forimeallaí** agus ar **réigiúin na teorann thoir**, mar aon le **Teachtaireacht maidir le hoileáin agus pobail chósta**.

Ní mór dúinn a áirithiú freisin go dtabharfar na deiseanna do dhaoine óga a bhfuil gá acu leo chun go mbeadh rath orthu agus go dtabharfar de chumhacht dóibh páirt iomlán a ghlacadh inár ndaonlathas. Sin an fáth a leanfaidh gach Comhalta den Choláiste dá Idirphlé Beartais leis an Aos Óg, agus an fáth a gcinnteofar leis an gcéad chruinniú de Bord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin go n-éistfear guth na ndaoine óga. Ina theannta sin, tacóidh an **Straitéis um chothroime idirghlúine** leis an dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin.

*Ár gcáilíocht saoil a choinneáil ar bun: slándáil bia, uisce agus an dúlra*

Soláthairtí slána bia, i dteannta éiceachórais shláintiúla, tá siad fíor-riachtanach le haghaidh fholláine na hEorpa. Chun cur leis an toradh a bhí ar an Idirphlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta agus leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an sreabhadh oibre maidir le coibhéis, tabharfaimid bearta isteach chun iomaíochas feirmeoirí agus an tslabhra bia a neartú, chun tacú le pobail thuaithe agus chun na rialacha talmhaíochta a shimpliú a thuilleadh.

Chun seasamh na bhfeirmeoirí a neartú a thuilleadh agus chun soláthar bia Eorpaigh ar ardchaighdeán a áirithiú do dhaoine ar fud an Aontais, seolfaimid **feachtas nua 'Ceannaigh Bia Eorpach'**. Ina theannta sin, tabharfaimid na **rialacha maidir le cleachtais éagóracha trádála sa slabhra bia** cothrom le dáta, méadóimid an trédhearcacht, tacóimid le comhar agus fothú acmhainneachta agus cinnteoimid deimhneacht dhlíthiúil. Cumhdófar leis sin freisin an prionsabal nach mbeadh iallach ar fheirmeoirí a dtáirgí a dhíol go córasach ar phraghas faoi bhun na gcostas táirgeachta. Ina theannta sin, tá dlús curtha ag an gCoimisiún leis an taidhleoireacht eacnamaíoch agraibhia, le hidirphlé agus le comhaontuithe comhpháirtíochta, agus oibreoimid ar ailíniú níos láidre na gcaighdeán táirgeachta ar leibhéal iltaobhach.

Leis an **Straitéis maidir le Beostoc**, cothófar iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil beostoic agus slabhra agraibhia an Aontais, agus le **Fís 2040 um an iascach agus an dobharshaothrú**, spreagfar an t-iomaíochas agus an inbhuanaitheacht sna hearnálacha sin, agus treorófar rialachas na n-aigéan leis an n**Gníomh um an Aigéan**.

Coinneoimid orainn leis an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce a chur chun feidhme trí bhíthin **Plean Gníomhaíochta Digiteach** agus **Ardán um Athléimneacht Uisce** chun na gníomhaithe ar fad a spreagadh, éifeachtúlacht uisce a ghríosú agus iomaíochas na hearnála a neartú.

Áiritheoimid gur gné bhuan de bheartas an Aontas é ullmhacht do thionchair aeráide, lena n-áirítear ullmhacht trí **bhainistíocht fheabhsaithe ar fhalscaithe**, agus san am céanna, cosnóimid príomhéiceachórais agus infheisteoimid i gcaipiteal nádúrtha.

*Seasamh leis an daonlathas agus leis an smacht reachta agus ár luachanna a chosaint*

Na saoirsí ar a mbímid ag brath, tá siad bunaithe ar ár luachanna coiteanna, ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha. An t-antoisceachas, an bhréagaisnéis, cibirionsaithe agus trasnaíocht eachtrach, ar nithe iad uile atá ag dul i méid, baineann siad an bonn ón muinín atá againn as ár n-institiúidí daonlathacha agus as an tsláine thoghchánach.

Tá gá againn le timthriall bliantúil comhtháite maidir leis an smacht reachta — rithim choiteann agus garspriocanna soiléire — agus deis ann do na hinstitiúidí uile rannchuidiú leis. Anuas air sin, **coinníoll de chistiú a fháil is ea urraim a léiriú ar an smacht reachta**: leis an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile, tá coimircí láidre molta againn maidir leis an smacht reachta, chomh maith le dreasachtaí dearfacha le haghaidh athchóirithe, i gcomhréir leis na moltaí sna tuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta.

I roinnt pobal ar fud na hEorpa, tá na meáin thraidisiúnta ag streachailt. Is bagairt thromchúiseach é sin dár ndaonlathas toisc go gcuirtear borradh faoin mbréagaisnéis nuair a dhéantar na meáin neamhspleácha a dhíchóimeáil nó a neodrú. Saoránaigh eolacha ar féidir leo muinín a bheith acu as a mbíonn á léamh agus á chloisteáil acu, tá fíorthábhacht ag baint leis na saoránaigh sin a mhéid a bhaineann leis na daoine i gcumhacht a thabhairt chun cuntais, le monatóireacht a dhéanamh ar an éilliú agus leis an daonlathas a chaomhnú. Sin an fáth a gcuirfimid dlús lenár gcuid oibre chun **tacú lenár meáin agus lenár bpreas neamhspleách agus chun iad a chosaint**. Seolfaimid **Clár um Athléimneacht na Meán** chun tacú le hiriseoireacht neamhspleách agus le litearthacht sna meáin. Tá sé molta againn freisin borradh nach beag a chur faoin gcistiú do na meáin mar chuid den chéad bhuiséad eile.

Ní mór dúinn a áirithiú freisin go bhfuil an timpeallacht ar líne sábháilte agus cothrom, agus gur timpeallacht í ina gcuirfear ar a gcumas do dhaoine an leas is fearr is féidir a bhaint as an teicneolaíocht. An tráth céanna, ní mór dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh chun daoine a chosaint ar líne, go háirithe na daoine is óige inár sochaí. Breathnóimid go grinn ar na saincheisteanna a bhaineann le daoine óga, go háirithe **leanaí** agus na meáin shóisialta, chun tógáil ar an moladh ón b**Painéal saineolaithe**. Mar obair leantach ar ár gcur chuige cuimsitheach i leith na **meabhairshláinte**, pléifimid tionchair leathana na meán sóisialta agus ama scáileáin iomarcaigh ar mheabhairshláinte agus ar fholláine mheabhrach. Leis an n**Gníomh um Chothroime Dhigiteach**, rachfar i ngleic lena bhfuil ann fós de chleachtais tomhaltóra mhíchothroma agus mhíthreoracha, agus leis an b**Plean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta**, cruthófar timpeallachtaí níos sábháilte ar líne le haghaidh daoine óga.

Bíonn rath ar dhaonlathais nuair a bhíonn córais bhreithiúnacha agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí neamhspleácha éifeachtacha ag tacú leo. Ní mór iad a chosaint ar an éilliú, ar an mbréagaisnéis agus ar an ionramháil. Is sa chomhthéacs sin a chuirfimid an **Straitéis AE nua in aghaidh an éillithe** i láthair. I gcomhthráth leis sin, leis an athbhreithniú cuimsitheach ar **ailtireacht an Aontais in aghaidh na calaoise**, neartófar an fhormhaoirseacht agus an chuntasacht.

Leis an **Straitéis nua um chomhionannas inscne** agus an **straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas**, arna tabhairt cothrom le dáta, treiseofar an comhionannas, an cuimsiú agus an rannpháirtíocht i ngach réimse den tsochaí.

*Eoraip dhomhanda*

I ndomhan atá éiginnte, ní mór don Eoraip cobhsaíocht, cothroime agus neart a léiriú, mar aon lenár ngealltanas i leith an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe. Déanfaimid an **creat trádála nua idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** a thiontú i ndeiseanna nithiúla dár ngnólachtaí, lena n-áiritheofar rochtain leanúnach d’onnmhairí ón Aontas ar mhargadh na Stát Aontaithe agus lena gcaomhnófar slabhraí luacha comhtháite, agus poist agus ár gcaighdeáin rialála á gcosaint san am céanna. Cuireann an creat bonn ar fáil freisin le haghaidh tuilleadh comhair, lena n-áirítear comhar maidir le taraifí a laghdú ar líon níos mó táirgí, aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaifí agus feabhas a chur ar ár gcomhoibriú maidir le slándáil eacnamaíoch. An tráth céanna, táimid ag leanúint **dár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú** agus dár seasamh domhanda a shainiú. Tar éis dúinn rabharta nua de chomhaontuithe saorthrádála a thabhairt i gcrích le Mercosur, Meicsiceo, an Eilvéis agus an Indinéis, leanfaimid den líonra sin a leathnú trí chaibidlíocht leis an India, leis an Malaeisia, leis an Téalainn, le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus leis na hOileáin Fhilipíneacha. Forbróimid comhpháirtíochtaí níos láidre freisin maidir le trádáil, iompar, fuinneamh agus cúrsaí digiteacha trí chlár oibre um nascacht thrasréigiúnach, lena n-áirítear nascacht idir an Eoraip agus an Áise Láir *via* an Mhuir Dhubh agus an Cugas Theas.

Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean leis **an Úcráin** agus de thacaíocht dhílis a sholáthar dá riachtanais phráinneacha airgeadais agus mhíleata agus dá n-iarrachtaí atógála, agus san am céanna, coinneoidh sé ar bun na smachtbhannaí atá dírithe ar acmhainn cogaíochta na Rúise a laghdú, agus leathnóidh sé iad. An tráth céanna, cuideoidh an tAontas leis an Úcráin dul chun cinn a dhéanamh ar a conair i dtreo na hEorpa, i dteannta na Moldóive, agus áiritheoidh sé go mbeidh an dul chun cinn maidir le comhtháthú fite fuaite sa dea-rialachas agus sa smacht reachta.

An bhliain seo chugainn, cuirfimid ár g**Comhshocrú don Mheánmhuir** i bhfeidhm chun comhpháirtíochtaí cuimsitheacha a thógáil a bheidh dírithe ar infheistíocht inbhuanaithe, cobhsaíocht eacnamaíoch, poist, fuinneamh glan, iompar, slándáil, imirce agus réimsí leasa fhrithpháirtigh eile. Déanfaimid ár gcuid oibre a dhoimhniú freisin chun ról an Aontais i gComharsanacht an Deiscirt a chur chun cinn, agus rachaimid i dteagmháil le pobail áitiúla chun aird a tharraingt ar rannchuidiú an Aontais agus chun cur i gcoinne insintí frith-AE.

Sa Mheánoirthear, leanfaidh an tAontas de thacú le cobhsaíocht inmharthanach a chomhdhlúthú sa réigiún, agus de rannchuidiú go gníomhach leis sin. Cuirfimid **Straitéis don Mheánmhuir** i láthair, agus muid ag díriú san am céanna ar thacú le daonlathas cuimsitheach rafar sa tSiria agus sa Liobáin. Ag aithint gurb é an tosaíocht is práinní in Gaza a áirithiú go rachaidh an chabhair dhaonnúil chomh fada leis an daonra agus go mbeidh sí leordhóthanach, déanfaidh an tAontas a chion féin trí thacaíocht a sholáthar le haghaidh rialachas agus athchóiriú Údarás na Palaistíne agus tríd an atógáil a chistiú, lena n-áirítear an méid sin a

dhéanamh tríd an nGrúpa Deontóirí don Phalaistín a thionól agus trí láithreacht mhisin Comhbheartais Slándála agus Cosanta an Aontais a neartú.

Beidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta freisin maidir leis an athchóiriú ar an g**córas cabhrach daonnúla domhanda**, rud a áiritheoidh gníomhaíocht chomhchoiteann níos tapúla agus níos éifeachtaí le linn géarchéimeanna. Beidh an tAontas i gcónaí ina urlabhraí agus ina chosantóir láidir an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus na cabhrach daonnúla prionsabálta.

Chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí agus na sásraí is gá againn chun freagairt go tapa do bhagairtí sláinte a d'fhéadfadh teacht chun cinn, glacfaimid an **Tionscnamh domhanda maidir le hathléimneacht sláinte**.

*Ullmhú d'Aontas na todhchaí*

Chun na huaillmhianta sin a bhaint amach, ní mór don Aontas buiséad nua-aimseartha, solúbtha agus dea-chistithe a chur ar fáil dó féin. Leis an g**Creat Airgeadais Ilbhliantúil** EUR 2 thrilliún idir 2028 agus 2034 atá beartaithe, tacófar leis an iomaíochas, leis an dícharbónú, leis an tslándáil, leis an gcomhtháthú agus le misean domhanda na hEorpa.

Na Pleananna Comhpháirtíochta nua Náisiúnta agus Réigiúnacha cuirfidh siad leis na sineirgí idir na beartais atá ann faoi láthair a thacaíonn le tosaíochtaí Eorpacha, agus daingneoidh siad an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, spreagfar nuálaíocht thionsclaíoch agus neartófar slabhraí soláthair. Leis an Eoraip Dhomhanda, daingneofar seasamh an Aontais mar chomhpháirtí iontaofa agus cuirfear leasanna straitéiseacha an Aontais chun tosaigh ar fud an domhain.

Rachaimid chun cinn ar chonair an mhéadaithe agus éascóimid comhtháthú de réir a chéile na dtíortha is iarrthóirí nó iarrthóirí ionchasacha ar fud réimsí beartais éagsúla. Cuirfimid i láthair go luath ár n-**athbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe** a thaispeánfaidh an bealach i dtreo thodhchaí ár nAontais — lena n-áiritheofar ullmhacht i réimsí amhail an smacht reachta, an fuinneamh, an tslándáil bia, an chosaint agus an imirce.

## 3. <u>Rialacha níos simplí, cur i bhfeidhm níos láidre</u>

Bunchloch d'Eoraip níos iomaíche níos tarraingtí is ea rialáil níos simplí agus cur chun feidhme níos rianúla rialacha an Aontais.

Le clár oibre 2026 cuirfear a thuilleadh leis an móiminteam maidir le simpliú. Tá tograí *omnibus* agus tograí simpliúcháin eile curtha i láthair ag an gCoimisiún cheana féin arb é is aidhm dóibh níos mó ná EUR 8,6 billiún de choigilteas bliantúil a bhaint amach do ghnólachtaí Eorpacha. Le níos mó ná leath de thionscnaimh reachtacha an chláir oibre, díreofar ar dhlí an Aontais a dhéanamh níos éadroime, níos soiléire agus níos éasca a chur chun feidhme.

Leanfaimid dár n-obair chun na hualaí riaracháin a laghdú faoi 25 % ar an iomlán agus 35 % i gcás FBManna — gan aon ísliú ar chaighdeáin. Le sraith nua tionscnamh simpliúcháin agus pacáistí *omnibus*, déanfar an saol níos éasca do dhaoine agus simpleofar rialacha ar fud

príomhréimsí amhail **an earnáil mótarfheithiclí, an comhshaol, an cánachas, sábháilteacht bia agus beatha, agus feistí leighis**, agus **déanfar an reachtaíocht maidir le táirgí fuinnimh a shimpliú**. Déanfaimid an tuairisciú a chuíchóiriú, dlús a chur le ceadú agus an reachtaíocht a ailíniú le hathruithe ar an margadh. Ina theannta sin, leanfaimid dár n-uirlisí nua comhairliúcháin a úsáid — idirphlé cur chun feidhme agus seiceálacha réaltachta — chun tuilleadh deiseanna le haghaidh simpliú a aimsiú.

Le rialáil níos simplí beifear in ann nuálaíocht, infheistíocht agus cruthú post a scaoileadh. Déanfaimid **an reachtaíocht dhigiteach agus an chosaint sonraí** a nuachóiriú, simpleoimid an soláthar poiblí, tabharfaimid na rialacha maidir le hiomaíocht chóir sna meáin cothrom le dáta, agus déanfaimid na rialacha is infheidhme maidir le margaí na meán closamhairc a athbhreithniú.

Leanfaidh an Coimisiún de **thionscnaimh fhianaisebhunaithe** a chur chun cinn. Ní mholfaidh sé reachtaíocht ach amháin i gcás ina bhfuil gá léi agus i gcás ina soláthrófar léi an tairbhe is mó is féidir. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tabharfaidh sé aird chuí ar phrionsabail na rialála níos fearr. Mar sin féin, ar an gcaoi chéanna lenár rialacha, ní mór ár g**creat um rialáil níos fearr** a shimpliú chun Eoraip níos simplí níos tapúla a chumasú. Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm ar bhealach níos críochnúla níos struchtúrtha sa rialáil níos fearr, agus cuirfidh sé teachtaireacht i láthair chuige sin sa chéad leath de 2026. Tá scagadh á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar dhlíthe agus ar rialacha cur chun feidhme an Aontais chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil gá leo chun cuspóirí beartais a bhaint amach agus chun féachaint chuige nach gcruthaíonn siad ualaí carntha míchuí.

**Tá cur chun feidhme láidir chomh ríthábhachtach céanna le dea-reachtóireacht**. Tuairiscíonn gach Coimisinéir go bliantúil don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn sa réimse sin. Mar chomhlánú leis an méid sin, tá **an chéad Tuarascáil Achoimre bhliantúil maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú** á cur i láthair ag an gCoimisiún in éineacht leis an gclár oibre seo. Le gníomhaíocht forfheidhmithe ghasta dhiongbháilte, áiritheofar go gcuirfear tairbhí ar fáil go cothrom do na Ballstáit uile le dlí an Aontais.

Measann an Coimisiún gur den ríthábhacht é go mbeadh institiúidí an Aontais ar theann a ndíchill ag iarraidh príomhthosaíochtaí an Aontais a bhaint amach. Rinne an Coimisiún imscrúdú cúramach ar gach ceann de na tograí atá ar feitheamh a nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. I gcomhréir leis an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr, agus seasamh na gcomhreachtóirí á gcur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tograí sin **a tharraingt siar** nach mbeadh a nglacadh chun an leasa ghinearálta i bhfianaise an dáta cur i bhfeidhm atá acu, na heaspa dul chun cinn sa phróiseas reachtach, an ualaigh fhéideartha agus an neamhailínithe le tosaíochtaí an Aontais.

## 4. Aontaithe maidir le huaillmhian agus práinn

Tá cor cinniúnach na hEorpa buailte linn.

I ré inar comharthaí sóirt iad polaitíocht na cumhachta agus an éiginnteacht, ní ghlacfar le réchúis. Ní mór dúinn gníomhú in éineacht, go misniúil agus go diongbháilte chun ár n-iomaíochas a neartú, chun bheith ar thosach an tslua sa nuálaíocht ghlan agus dhigiteach, agus chun ár slándáil chomhchoiteann a áirithiú. Le beartais uaillmhianacha, éilítear acmhainní atá chomh huaillmhianach céanna, mar aon le toil pholaitiúil. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle teacht ar chomhaontú go pras maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua agus na tosaíochtaí reachtacha is mó a bhfuil tábhacht leo a chur chun cinn.

Tá sé léirithe arís agus arís eile ag an Eoraip gur féidir léi í féin a oiriúnú, gníomhú go tapa agus seasamh le chéile. Tríd an gcomhar a dhoimhniú ar gach leibhéal — ó institiúidí an Aontais go pobail áitiúla — is féidir linn a áirithiú go mbeidh ár nAontas láidir, ceannasach agus réidh don todhchaí. Is iarracht chomhpháirteach de chuid na n-institiúidí uile é ár nAontas Eorpach a ullmhú don am atá le teacht. Sin é an fáth a ngeallann an Coimisiún seo fós tacú le ceart tionscnaimh don Pharlaimint.

I dteannta a chéile, tógfaimid Eoraip a bheidh slán, rathúil agus neamhspleách — Eoraip a dhéanfaidh beart dá muintir agus a bheidh ina ceannaire muiníneach ar an ardán domhanda.